Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2026
(OR. en)

11536/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0192(NLE)

INDEF 139
COPS 418
POLMIL 289
IND 474
MAP 151

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 358 final – ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2026) 358 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 358 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle**

**maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

## IARSCRÍBHINN

Sainaithnítear na tionscadail seo a leanas mar Thionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna):

| **Diongbháilteacht Eorpach Drón agus Frith-Dhrón (DECODER)** | |
|---|---|
| Cuspóirí agus saintréithe TELCC | Is é is aidhm do DECODER forbairt, uas-scálú agus cur in úsáid comhordaithe na gcumas Eorpach i réimse na gcóras gan foireann agus na gcóras chun cur i gcoinne córas gan foireann a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais ar fud na mBallstát. Is é is aidhm dó córais dróin agus frithdhróin atá nua-aimseartha, inoiriúnaithe, inscálaithe agus idir-inoibritheach agus a fheidhmíonn ar fud na réimsí oibríochtúla uile a sholáthar d'fhórsaí armtha na hEorpa. Caomhnóidh agus treiseoidh an TELCC ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht thionsclaíoch na hEorpa. Go sonrach, tacóidh an TELCC le soláthar comhpháirteach na gcóras riachtanach gan foireann agus na gcumas chun cur i gcoinne córas gan foireann, leathnóidh sé an acmhainneacht táirgeachta tionsclaíche ábhartha agus bunóidh sé Líonra Eorpach Mol Teicneolaíochta Drón chun tástáil a éascú, dlús a chur leis an nuálaíocht agus le nuachóiriú tapa na bhfórsaí.<br><br>Ar na cúiseanna a luaitear thíos, comhlíonann an tionscadal na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643:<br><br>Tugtar aghaidh sa togra, ó thaobh na fadtéarmachta de, ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú, agus tacaíonn sé le comhtháthú an mhargaidh, le spleáchais straitéiseacha a laghdú agus le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht. Léiríonn sé an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann an tionscadal le cumais mhíleata atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais. Tugtar aghaidh sa togra freisin ar chomhar sibhialta-míleata agus ar theicneolaíochtaí dé-úsáide. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh PESCO agus GEC chomh maith le gníomhaíochtaí ábhartha ECAT.<br><br>Sa togra, déantar argóint láidir, a bhfuil bunús maith léi, go rachaidh an tionscadal chun tairbhe do chuid níos leithne den Aontas, agus tá 26 Bhallstát, chomh maith le tíortha eile, rannpháirteach ann. Sa togra, tugtar fianaise ar raon feidhme nach beag lena gcuimsítear castacht theicniúil agus éagsúlacht gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tionsclaíocha araon, chomh maith le huaillmhian straitéiseach fhadtéarmach agus méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil. |
| Liosta na dtíortha atá rannpháirteach sa TELCC ar dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme | An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua, an Úcráin. |

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Is ea |
| Rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí | Is ea |
| Meastachán ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC | EUR 3,5-5 bhilliún faoi 2033 |

| **Cosaint Chomhtháite Mhuirí agus Ghrinneall na Farraige (CCMGF)** | |
|---|---|
| Cuspóirí agus saintréithe TELCC | Is é is aidhm do CCMGF ailtireacht Eorpach chónasctha agus idir-inoibritheach um chosaint mhuirí agus ghrinneall na farraige a bhunú, a bheidh in ann cumas an Aontais a neartú maidir le bagairtí ar fud an réimse mhuirí a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh agus freagairt dóibh. Tá sé bunaithe ar chomhtháthú trí phríomhcholún a threisíonn a chéile: Feasacht ar an Réimse Muirí, Comhrac Cabhlaigh agus Idircheapadh Muirí, agus Cogaíocht faoi Uisce agus ar Ghrinneall na Farraige.<br><br>Go sonrach, feabhsóidh an tionscadal an fheasacht choiteann ar an réimse muirí trí ailtireacht AE um chomhroinnt faisnéise atá idir-inoibritheach agus comhtháite, agus tacóidh sé le forbairt thionsclaíoch chomhordaithe ardán cabhlaigh, córas faoi uisce, córas gan foireann, uirlisí Faisnéise, Faireachais agus Taiscéalaíochta (ISR) agus cumas cogaíochta faoi uisce, lena n-uas-scálú agus lena soláthar comhoibríoch. Cumhdófar leis an tionscadal freisin comhar le húdaráis shibhialta, rud a rannchuideoidh le gníomhaíocht shuaitheanta an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan maidir le Feasacht ar an Réimse Muirí a chur chun feidhme, lena n-áirítear cumais gan foireann.<br><br>I ndeireadh na dála, neartóidh sé cosaint bonneagair chriticiúil mhuirí agus cosaint bhonneagar ghrinneall na farraige, lena n-áirítear calafoirt, suiteálacha amach ón gcósta, cáblaí faoi uisce agus píblínte.<br><br>Ar na cúiseanna a luaitear thíos, comhlíonann an tionscadal na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643:<br><br>Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú agus meastar go gcuideoidh sé le comhar trasteorann a leathnú, le hilroinnt a laghdú i margadh cosanta muirí na hEorpa, atá an-ilroinnte, agus le héifeachtaí seach-iarmharta dearfacha a ghiniúint le haghaidh na hearnála sibhialta. Rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt ar chumais atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais trí thacú le feasacht ar an réimse muirí, le cosaint bonneagair |

| | |
|---|---|
| | chriticiúil faoi uisce, le hailtireachtaí cabhlaigh idir-inoibritheacha agus le cumais chogaíochta faoi uisce agus ar ghrinneall na farraige.<br><br>Tá an tionscadal bunaithe ar roinnt tionscnamh PESCO agus GEC atá ar bun faoi láthair, agus cuirtear gníomhaíochtaí ábhartha ECAT san áireamh ann. Léiríonn sé rannpháirtíocht líon mór tíortha (17), agus baineann cuid níos leithne den Aontas tairbhe as. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal agus tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige. |
| Liosta na dtíortha atá rannpháirteach sa TELCC ar dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme | An Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Chipir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua, an Úcráin. |
| Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Is ea |
| Rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí | Is ea |
| Meastachán ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC | **EUR 43-72 bhilliún faoi 2045** |

| **AN SPÁS** | |
|---|---|
| Cuspóirí agus saintréithe TELCC | Is é is aidhm don SPÁS cumais spáis na hEorpa a neartú maidir le Luathrabhadh Spásbhunaithe (LS), cumarsáid satailíte (SATCOM), Faisnéis, Faireachas agus Taiscéalaíocht (ISR), lena n-áirítear faisnéis chomharthaí (SIGINT), Feasacht Réimse Spáis (SDA), Suí, Loingseoireacht agus Uainiú (PNT) agus Cogaíocht Loingseoireachta (NAVWAR), Córais Spáis Fhreagrúla (CSF) agus cur chuige ilmhisin.<br><br>Chun na misin éagsúla a leagtar amach thuas a thabhairt le chéile, molann an TELCC scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt réaltbhuíne ilmhisin. Go sonrach, dírítear sa tionscadal ar sholáthar comhoibríoch táirgí cosanta, lena n-áirítear an bonneagar is gá, chun tacú le huirlisí coiteanna pleanála míleata le haghaidh chomhroinnt SATCOM, sheirbhísí PNT, chumais ISR agus chumais braite agus séanta NAVWAR. Beartaítear ann freisin cumais spásbhunaithe a fhorbairt a thuilleadh, cumais atá ríthábhachtach chun cinnteoireacht neamhspleách a chumasú.<br><br>Ar na cúiseanna a luaitear thíos, comhlíonann an tionscadal na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643:<br><br>Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta |

| | |
|---|---|
| | BTTCE a neartú, tacaítear le taighde agus forbairt atá tagtha in aibíocht a chlaochlú ina gcumais oibríochtúla cheannasacha nach féidir le haon Bhallstát a fhorbairt ina aonar, leathnaítear comhpháirtíochtaí trasteorann, cruthaítear deiseanna nua margaidh agus tugtar aghaidh ar laghdú an spleáchais struchtúraigh i réimse an spáis. Tá an tionscadal an-ábhartha ó thaobh cúrsaí míleata agus oibríochtúla de agus is rannchuidiú díreach agus struchtúrach é leis an Sciath Eorpach Spáis.<br><br>Cuirtear tionscadail ábhartha PESCO san áireamh ann agus is é is aidhm dó cumais agus idir-inoibritheacht na mBallstát a threisiú i gcomhréir le gníomhaíochtaí ECAT. Léiríonn sé rannpháirtíocht líon mór tíortha (16). Tá raon feidhme nach beag aige, tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige, agus téann sé chun tairbhe do chuid mhór den Eoraip de bharr an chumhdaigh ar fud an Aontais atá ina ghné dhílis de chumais spásbhunaithe. |
| Liosta na dtíortha atá rannpháirteach sa TELCC ar dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme | An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua. |
| Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Is ea |
| Rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí | Is ea |
| Meastachán ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC | Suas le EUR 24 bhilliún faoi 2034 |

| **Cosaint Chónasctha Chomhtháite Aeir agus Diúracán an Aontais lena n-áirítear Cumais Luathrabhaidh<br>(CCCAD-AE)** | |
|---|---|
| Cuspóirí agus saintréithe TELCC | Is é is aidhm do CCCAD-AE cosaint chomhtháite aeir agus diúracán (CCAD) atá comhchoiteann agus éifeachtach a chur ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear faisnéis luathrabhaidh agus breithnithe maidir le ceannas agus rialú. Tá sé d'aidhm aige é a chur ar a gcumas do thíortha cumais a bhaineann le CCAD a chur in úsáid go tráthúil, ar an gcáilíocht is gá agus sa chainníocht is gá, agus a áirithiú gur féidir réitigh náisiúnta éagsúla, lena n-áirítear braiteoirí, éifeachtóirí agus timpeallachtaí ceannais agus rialaithe, a chomhcheangal go héifeachtach agus a úsáid go comhpháirteach. |

| | |
|---|---|
| | Go sonrach, dírítear sa tionscadal ar ailtireacht chomhchoiteann uileghabhálach a chruthú ar leibhéal an fhiontair agus ar leibhéal an chumais, ar uas-scálú tionsclaíoch na gcóras atá ann cheana agus ar sholáthar comhoibríoch táirgí cosanta.<br><br>Díreoidh an tionscadal freisin ar fhorbairt chun tacú leis na teicneolaíochtaí criticiúla agus atá mar bhonn taca le CCAD, chomh maith le bonneagar agus timpeallachtaí deimhniúcháin a úsáid lena gcumasófar tástáil, bailíochtú agus oiliúint don chónaidhm oibríochtúil amach anseo. Ina theannta sin, is é is aidhm don ailtireacht na tosaíochtaí, na riachtanais chumais agus na ceanglais idir-inoibritheachta a sainaithníodh i gcreataí ECAT a chomhlíonadh go hiomlán.<br><br>Ar na cúiseanna a luaitear thíos, comhlíonann an tionscadal na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643:<br><br>Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú agus tacaítear le comhar laistigh de thionscal na hEorpa a bhunú agus a leathnú. Rannchuideoidh sé le córas cónasctha de chórais a chruthú lena soláthrófar do na Ballstáit cumais mhíleata atá ríthábhachtach, is é sin, cosaint chomhchoiteann chomhtháite aeir agus diúracán (CCAD). Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh PESCO agus GEC chomh maith le gníomhaíochtaí ábhartha ECAT.<br><br>Léiríonn an tionscadal rannpháirtíocht líon mór tíortha (16). Rannchuidíonn sé go díreach le hathléimneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú trí CCAD a fheabhsú, trí fheabhas a chur ar chosaint an bhonneagair chriticiúil, trí chomhordú oibríochtúil na bhfórsaí armtha a mhéadú agus trí acmhainneachtaí tionsclaíocha a threisiú in earnálacha criticiúla agus a bhaineann le cosaint aeir agus diúracán. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal agus tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige. |
| Liosta na dtíortha atá rannpháirteach sa TELCC ar dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme | An tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua, an Úcráin. |
| Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Is ea |
| Rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí | Is ea |
| Meastachán ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC | EUR 55-80 billiún faoi 2040 |

| Faireachán ar an gCliathán Thoir (FCT) | |
|---|---|
| Cuspóirí agus saintréithe TELCC | Is é is aidhm don Fhaireachán ar an gCliathán Thoir iarracht chuimsitheach ilfhearainn a dhéanamh chun slándáil theorainn thoir an Aontais a fheabhsú, chun cosaint chríoch iomlán an Aontais a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, ullmhacht cosanta an Aontais a neartú.<br><br>Díreofar na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ar dtús ar shé cholún cumais: comhrac talún, cosaint ar dhróin, C4ISTAR, frith-shoghluaisteacht, soghluaisteacht mhíleata agus córais cosanta aeir agus diúracán. Beartaítear sa tionscadal soláthar comhchoiteann táirgí, seirbhísí agus bonneagair chun tacú leis na cumais sin, chomh maith le leathnú na hacmhainneachta táirgeachta ábhartha agus na saoráidí ábhartha. Meastar freisin go ndéanfar tástáil agus bailíochtú ar ardáin oibríochtúla ábhartha agus go gcuirfear oiliúint ar fáil maidir leo chun tacú le tionscnamh FCT. Beartaítear sa tionscadal gníomhaíochtaí gearrthéarmacha láithreacha chomh maith le forbairtí meántéarmacha.<br><br>Ar na cúiseanna a luaitear thíos, comhlíonann an tionscadal na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643:<br><br>Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú, ar chomhtháthú an mhargaidh, ar FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe a chomhtháthú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú agus ar spleáchais straitéiseacha a laghdú. Tugann sé aghaidh ar réimsí cumais atá ríthábhachtach, amhail comhrac talún, C4ISTAR, AMD, dróin/frithdhróin agus soghluaisteacht mhíleata. Cuirtear tionscnaimh PESCO agus GEC san áireamh ann, agus tá sé bunaithe ar ghníomhaíochtaí ábhartha ECAT agus rannchuidíonn sé leo.<br><br>Léiríonn an tionscadal rannpháirtíocht líon mór tíortha (15). Tá an togra struchtúrtha mar thionscnamh ilfhearainn um fhorbairt cumas agus, cé go bhfuil sé dírithe ó thaobh na tíreolaíochta de ar theorainn thoir an Aontais, téann sé chun tairbhe do na Ballstáit uile trí aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sonracha slándála, agus féadfar a limistéar geografach leasa a leathnú. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal, tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige agus tá uaillmhian fhadtéarmach ag baint leis. |
| Liosta na dtíortha atá rannpháirteach sa TELCC ar dháta glactha an ghnímh cur chun feidhme | An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua, an Úcráin. |
| Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh | Is ea |

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí | Is ea |
| Meastachán ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC | EUR 60-100 billiún faoi 2036 |